# Rialacháin Toghcháin: Toghlach na Foirne
# Fothoghchán Údarás na hOllscoile
# Fómhar 2021

## Toghlaigh foirne don toghchán d'Údarás na hOllscoile 2021-2025

1. Reáchtáil Údarás na hOllscoile toghchán in Eanáir 2021 de réir Acht na nOllscoileanna 1997, chun poist a líonadh sna trí toghlach foirne atá leagtha amach san Acht.
2. Tar éis thoradh an toghcháin, cinneadh bunaithe ar na torthaí thíos go bhfuil dhá fholúntas fós le líonadh, ceann i dtoghlach na nOllúna agus ceann i dtoghlach na Foirne Acadúla, mar seo a leanas:

**Toghlach na nOllúna**
(4 shuíochán, cuóta inscne, bean amháin ar a laghad duine acu agus fear amháin ar a laghad duine acu). Bhí 3 ainmniúchán san iomlán do thoghlach na nOllúna. Toisc nár sháraigh líon na n-ainmnitheach líon na n-áiteanna a bhí ar fáil, measadh go dtoghfaí an triúr ainmnitheach go huathoibríoch mar bhaill d'Údarás na hOllscoile. **Cinneadh mar sin, de réir rialacháin na dtoghchán, go líonfaí an ceathrú suíochán folamh trí fhothoghchán a reáchtálfar ag tráth níos déanaí.**

**Toghlach na Foirne Acadúla**
(4 shuíochán, cuóta inscne, bean amháin ar a laghad duine acu agus fear amháin ar a laghad duine acu). Bhí 5 ainmniúchán san iomlán don toghlach seo. Toisc gur leis an gcatagóir bhaineann a bhain 4 as an 5, gur bhain 0 leis an gcatagóir fhireann, go ndúirt 1 gurbh fhearr leo gan a rá, is amhlaidh nár líonadh an suíochán tiomanta don chatagóir fhireann. **Cinneadh mar sin, de réir rialacháin na dtoghchán, go líonfaí an ceathrú suíochán folamh (i.e. an suíochán tiomanta don chatagóir fhireann) trí fhothoghchán a reáchtálfar ag tráth níos déanaí.**

## Socruithe d'fhothoghchán i bhFómhar 2021

Ag cruinniú an 24 Meitheamh 2021, cheadaigh Údarás na hOllscoile na socruithe seo a leanas le haghaidh fothoghcháin chun an dá phost fholmha a líonadh**:**

### 3. *Ainmniúcháin*

3.1 **Ainmnitheach Incháilithe:** An 1 Meán Fómhair 2021 is ea dáta an daonáirimh chun a dheimhniú an bhfuil ainmnitheach incháilithe nó nach bhfuil. Caithfidh ainmnitheach (agus a moltóirí agus a gcuiditheoirí) a bheith ina mbaill den toghlach cuí faoin 1 Meán Fómhair 2021.

- I gcás na n-ainmnitheach ollúna de, comhlíonadh an cuóta inscne sa toghlach (bean amháin ar a laghad agus fear amháin ar a laghad) i dtoghchán Eanáir 2021 agus, dá bhrí sin, níl aon chuóta inscne i gceist leis an bhfothoghchán an geábh seo.

- I gcás na mball buan nó lánaimseartha den fhoireann acadúil eile, mar atá leagtha amach thuas, níor líonadh an suíochán tiomanta don chatagóir fhireann i dtoghchán Eanáir 2021 agus dá bhrí sin ní mór go mbeadh na hainmnithigh sin fireann.

3.2 Ainmniúcháin le bheith curtha isteach tríd an Tairseach Toghcháin Ar Líne **idir 9.00am (am na hÉireann) Déardaoin, an 2 Meán Fómhair 2021 agus 17.00pm (am na hÉireann) Dé hAoine, an 17 Meán Fómhair 2021.** Ní ghlacfar le hainmniúcháin dhéanacha. Caithfidh gach eolas cuí ainmniúcháin a bheith san áireamh i ngach ainmniúchán lena n-áirítear sonraí beathaisnéise agus grianghraf den ainmní, ráiteas iarrthóra, teachtaireacht físe (roghnach), agus cur síos ar inniúlachtaí.

3.3 Féadfar ainmniúcháin a chur isteach i mBéarla **<u>nó</u>** i nGaeilge agus taispeánfar é do vótálaithe sa teanga a cuireadh isteach amháin é, ach caithfidh gach iarrthóir a Ráiteas Iarrthóra a chur isteach i mBéarla agus i nGaeilge **<u>araon</u>**. Tá fáilte roimh ainmnitheach ainmniúcháin a chur isteach go hiomlán sa dá theanga agus taispeánfar an dá rud do vótálaithe.

3.4 Ní mór go mbeadh sonraí beirt chomhaltaí den toghlach foirne incháilithe a ghníomhóidh mar Mholtóir agus mar Chuiditheoir don ainmniúchán curtha ar fáil. Ar ainmniúchán a bheith curtha isteach, rachfar i dteagmháil leis an Moltóir agus leis an gCuiditheoir chun a dtacaíocht don ainmniúchán a dheimhniú. **Caithfidh Moltóir agus Cuiditheoir teacht ón <u>toghlach céanna</u> leis an ainmnithieach agus is féidir leis tacú le hainmniú iarrthóra amháin. Measfar ainmniúcháin a bheith bailí má chomhlíontar na coinníollacha seo agus a luaithe a dheimhníonn an Moltóir agus an Cuiditheoir a dtacaíocht don ainmniúchán.**

## *4. Toghchán*

4.1 **Nós Imeachta Toghcháin:** Má fhaightear níos mó ainmniúchán ná líon na n-ionadaithe incháilithe atá ag teastáil, reáchtálfar toghchán trí ríomhvótáil. Tionólfar an bhallóid **Dé Luain, an 11 Deireadh Fómhair 2021 idir 9.00am agus 12.00pm (am na hÉireann) Dé Máirt, an 12 Deireadh Fómhair 2021.**

4.2 Gheobhaidh comhaltaí foirne incháilithe ríomhphost le nasc uathúil chun vóta a chaitheamh, roimh an mballóid. (Tá liosta in Aguisín 1 de Ghráid na bPríomhchomhaltaí Foirne i ngach toghlach).

4.3 Tarlóidh an vótáil de réir na rialachán seo a leanas:

4.3.1 Ní mór ríomhvótaí a chaitheamh idir **9.00am am na hÉireann Dé Luain, an 11 Deireadh Fómhair 2021 agus 12.00pm (am na hÉireann) Dé Máirt, an 12 Deireadh Fómhair 2021**.

4.3.2 **Incháilitheacht Vótálaí:** An 1 Deireadh Fómhair 2021 is ea dáta an daonáirimh chun a dheimhniú an bhfuil vótálaí incháilithe nó nach bhfuil. Ní mór do vótálaithe a bheith ina mbaill den toghlach cuí faoin 1 Deireadh Fómhair 2021.

4.3.3 Caithfidh vótaí bailí vóta a thaifeadadh d'iarrthóir amháin ar a laghad sa toghlach cuí. Tá gach vóta inaitheanta sa chóras ar líne trí uimhir uathúil.

4.3.4 Measfar an t-iarrthóir ag a bhfuil an líon is mó vótaí bailí a bheith tofa.

4.3.5 I gcás vótaí a bheith cothrom, cinnfear an toghchán idir na hiarrthóirí cothromaithe trí chrannchur a reáchtálfaidh an Ceann Comhairimh, an Rúnaí Gnóthaí Rialachais & Acadúla.

## *5. Comhaireamh Vótaí*

5.1 **Déantar comhaireamh vótaí:** trí Ionadaíocht Chionmhar le hAonvóta Inaistrithe (PRSTV) le haistriú codánach (i.e. rialacha Sheanad Éireann) sa dá thoghlach foirne.

5.2 Déanfaidh Mi-Voice Limited comhaireamh na vótaí ina ról mar Scrúdanóirí Neamhspleácha agus beidh beirt bhreathnóirí neamhspleácha ann, Meredith Lulling, Bainisteoir Tionscadail, MAPS, agus Peter Feeney, Ceann Gnóthaí Corparáideacha agus Dlí, a bheidh ag tuairisciú don Cheann Comhairimh, an Rúnaí Rialachais & Gnóthaí Acadúla.

5.3 Tionólfar Rian Iniúchta iomlán vótála sa chóras vótála leictreonach agus déanfar athbhreithniú air sula n-eiseofar na torthaí.

5.4 Fógróidh an Ceann Comhairimh torthaí toghcháin na n-iarrthóirí rathúla ag 5pm, an 12 Deireadh Fómhair 2021.

5.5 Ní fhoilseofar go poiblí an líon deiridh vótaí a fuair gach iarrthóir ach coimeádfaidh Oifig an Rúnaí Rialachais agus Gnóthaí Acadúla taifead den chomhaireamh agus beidh ainmnitheach aonair i dteideal rochtain a fháil ar a gcomhaireamh vótála féin.

## Aguisín 1

**Sonraí faoi na Gráid Foirne atá sa líon vótálaithe/ainmnithe incháilith**e d'Fhothoghchán an Údaráis, Fómhar 2021

Tá sonraí na n-ainmnithe agus na vótálaithe incháilithe sna toghlaigh foirne leagtha amach in Acht na nOllscoileanna, 1997, agus tá sleachta cuí leagtha amach thíos.

Tá na critéir a úsáidtear chun na gráid foirne a áireamh i ngach liosta bunaithe ar an gcaoi a gcuirtear gráid foirne in iúl don ÚAO mar chuid de Thuairisceán Ráithiúil Foirne an ÚAO:

**Ollúna:**

*Sliocht as an Acht:*

*(i) líon nach lú ná dhá dhuine nó nach mó ná sé dhuine de chomhaltaí fhoireann acadúil na hollscoile ar Ollúna nó Ollúna Comhlacha iad, arna dtoghadh ag an bhfoireann sin;*

**Incháilitheacht ainmniúcháin:** Comhaltaí foirne sna ngráid atá liostaithe thíos an 1 Meán Fómhair 2021

**Incháilitheacht vótála:** Comhaltaí foirne sna ngráid atá liostaithe thíos an 1 Deireadh Fómhair 2021

- Ollamh (lena n-áirítear Ollúna Bunaithe agus Ollúna Pearsanta)
- Ollamh Comhlach (iad siúd a roghnaigh a dteideal Ollamh Comhlach a choinneáil)
- An tUachtarán
- Meabhránaí

**An Fhoireann Acadúil:**

*Sliocht as an Acht:*

*(ii) líon nach lú ná triúr nó nach mó ná cúigear de <u>bhuanchomhaltaí, nó de chomhaltaí</u>*

*<u>lánaimseartha</u> den fhoireann acadúil eile san ollscoil, arna dtoghadh ag an bhfoireann sin;*

**Incháilitheacht ainmniúcháin:** Buanchomhaltaí nó comhaltaí lánaimseartha foirne sna ngráid atá liostaithe thíos an 1 Meán Fómhair 2021

**Incháilitheacht vótála:** Comhaltaí foirne sna ngráid atá liostaithe thíos an 1 Deireadh Fómhair 2021

- Léachtóir Sinsearach
- Léachtóir os cionn an Bhaic

- Léachtóir faoi bhun an Bhaic
- Léachtóir Cliniciúil
- Léachtóir Téarma Socraithe
- Múinteoir Ollscoile
- Comhalta Ollscoile (Teagasc & Taighde)
- Comhalta Ollscoile
- Taighdeoir
- Cúntóir Páirtaimseartha Teagaisc
- Taispeántóir/Teagascóir
- Riarthóir/Teagascóir
- Teagascóir Chúram Sóisialta
- Feidhmeannach Aistriúcháin/Téarmaíochta
- Feidhmeannach Ríomhaireachta
- Feidhmeannach Aistriúcháin
- Comhordaitheoir Oideachais Cleachtais